

An Clár

Réamhrá leis an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD	2		
Struchtúr Acadúil Dinimiciúil	5	Cláir Comhoibríthe	
Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD	6	Ionad do Shintéis agus Bitheolaíocht	
Coláiste Gnó agus Díl UCD	9	Cheimiceach (CSCB)	64
Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD	12	Leigheas Móilíneach Éireann (MMI)	65
Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD	15	Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC)	66
Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD	18	Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT)	67
		Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil	
Ag Baint Amach Barr Feabhais sa Teagasc agus san Fhoghlaim	21	Neamhspleách (TRIL)	68
Líon na Mac Léinn	23	Institiúid um Fhaisnéisíocht Bhithleighis	68
Módúlú, Seimeastrú agus <i>UCD Horizons</i>	25	NovaUCD	69
Earcaíocht Mac Léinn agus Cláir Nua	27		
An Ceathrú Leibhéal – Léann Iarchéime UCD	28	Ag Soláthar Eispéireas Ardchaighdeán do Mhic Léinn	71
Gníomhaíocht Idirnáisiúnta	30	Áiseanna a Fhorbairt	73
Rannpháirtíocht ag Leathnú	32	Leabharlann UCD	78
Nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim	34	Seirbhís TF UCD	80
Oideachas Aosach	35	Gairmeacha agus Fostaíocht	82
Cáilíocht	36	Seirbhís Leighis agus Comhairleoireachta UCD do Mhic Léinn	83
		Comhairleoirí na Mac Léinn agus Séiplíneacht UCD	85
Ag Tógáil Ollscoil Dlúth-Thaighde den Chéad Scoth	37	Cúnamh Airgeadais do Mhic Léinn	86
Maoiniú Taighde	39	Oifig Ghearáin na Mac Léinn	86
Dámhachtainí agus Gradaim Thaighde	42	Spórt UCD	87
Gnóthachtálacha Straitéiseacha	43	Ceol UCD	89
Nuacht agus Gnóthachtáil Taighde	46	Cumainn agus Gníomhaíochtaí na Mac Léinn	90
		Rannpháirtíocht Pobail	91
Institiúidí Taighde UCD			
Institiúid Conway UCD don Taighde		Cláir Oibre a Mhúnlú	93
Bithmhóilínigh agus Bithleighis	48	Caidrimh na hOllscoile	95
Institiúid Geary UCD	50	Forbairt agus Caidrimh Alumni	98
Institiúid Uirbeach na hÉireann UCD	52	Aitheantas Speisialta	99
Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD	53		
Saotharlann Chórais Choimpléascacha agus Oiriúnaitheacha (CASL) UCD	54	Forbairt Foirne	103
Institiúid Bia agus Sláinte UCD	55	Forbairt Foirne	105
Institiúid John Hume don Léann Éireannach		Ceapacháin Ollúnachta	106
Domhanda UCD	57	Ceapacháin Comhollúnachta	107
Institiúid Charles	58	Ceapacháin Léachtóireachta Sinsearaí	108
Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD	59	Ceapacháin Ardbhainistíochta	108
Institiúid na hÉireann don Léann Síneach	60		
Fondúireacht Mhíchíl Uí Chléirigh UCD	62		
Institiúid UCD do Chláir Chomhoibrítheacha			
Spóirt agus Sláinte	63		





“Tá dul chun cinn ollmhór déanta again le bliain anuas. Creidim gur féidir linn leanúint ar aghaidh leis an móiminteam seo agus é beartaithe againn níos mó a bhaint amach sa chéad Plean Straitéiseach eile”

Réamhrá leis an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD

Fís

Agus Plean Straitéiseach reatha UCD ag teacht chun deiridh, agus muid ag díriú ar an tréimhse 2009-2013, tá sé oiriúnach machnamh a dhéanamh ar an méid a baineadh amach go dtí seo agus ár n-ardmhianta don toadhcháí.

Tá an fhís láidir agus an sprioc uailmhianach a leagadh amach i bPlean Straitéiseach UCD 2005-2008 beagnach go léir curtha i bhfeidhm. Bhaineamar amach ár spriocanna luaithe maidir le bheith inár n-ollscoil dlúth-thaighde idirnáisiúnta ar thús cadhnaíochta a bhfuil ról lárnach aici i múnú Éire na linne seo.

Níor stad UCD riamh ar dhul i ngleic le dúshlán John Henry Newman maidir le bheith ina “alma mater ag an gcéad ghlúin eile”. Le 12 mhí anuas, lean an ollscoil ar aghaidh ag cur chun cinn an eolais agus ag cothú na foghlama i dtimpeallacht fionnachtana, chruthaitheachta, nuálaíochta agus feabhais, ag baint an méid is fearr as ár mic léinn, agus ag cur le saol sochaíoch, cultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann.

Féachfaimid anois leis an gcéad tacar eile de thosaíochtaí na hollscoile a aithint. Beidh an fócas sna blianta amach anseo ar fhorbairtí a rinneadh le gairid a dhainiú, cláir bhunchéime a threisiú, oideachas iarchéime a fhás agus a fhorbairt agus na ceangail idir oideachas agus taighde a fheabhsú. Má tá UCD agus Éire chun bheith san iomaíocht agus a bheith rathúil sa réimse seo atá dian-iomaíoch, caithfidh Plean Straitéiseach 2009-2013 UCD bheith níos dána agus níos samhlaíoch ná riamh roimhe.

Iomrá idirnáisiúnta

Chuir *Forlónadh Ardoideachais The Times* (THES) UCD ag an 177ú háit do 2007, ag léim 42 áit ó

2006. Is de bharr an aitheantais idirnáisiúnta a bhain an curaclam modúlach nua *UCD Horizons* amach agus an méadú mór millteach a tháinig ar ghníomhaíocht taighde sna healaíona agus sna heolaíochtaí araon a tharla an léim seo.

Tá UCD bródúil as a ghnóthachtáil maidir le curaclam bunchéime atá modúlaithe go hiomlán, seimeastraithe, agus bunaithe ar chreidiúnú a fhorbairt agus a chur i ngníomh – *UCD Horizons* – a fheictear go náisiúnta, agus níos mó agus níos mó, go hidirnáisiúnta, mar shamhail d’oideachas mac léinn-bhunaithe, solúbtha ardchaighdeán ag leibhéal bunchéime. Ba léir ón díorma mac léinn a tháinig isteach sa bhliain 2007/08 go bhfuil straitéis na hollscoile maidir leis na mic léinn is fearr a mhealladh ó Éirinn agus áiteanna eile fós ag feidhmiú go maith. Sa bhliain 2007/08, tháinig méadú ar an líon de mhic léinn idirnáisiúnta ar an gcampas as 116 tír go beagnach 3,600, méadú de thart ar 8% ar 2006/07.



Tháinig méadú de 5.2% ar an líon de chéad roghanna CAO chun staidéar a dhéanamh i UCD i mí Feabhra 2008 agus mhéadaigh ár gcuid de mhic léinn ard-ghnóthachtála a bhain níos mó ná 540 pointe amach san Ardeistiméireacht go 21% de

Tá eochair-ról ag ambasadóirí na mac léinn i straitéis UCD maidir le leanúint ar aghaidh ag mealladh na mac léinn is fearr

na mic léinn éirimiúla seo. Tá toradh ag teacht ar ár n-iarrachtaí straitéiseacha maidir le líon na mac léinn taighde iarchéime a mhéadú chomh maith: déanann mic léinn PhD UCD suas 30% de phobal PhD ollscoile na hÉireann anois.

Tá sé mar aidhm ag UCD bheith ina ollscoil chuimsitheach go sochaíoch ina bhfuil mic léinn ó chúilraí ilchineálacha rannpháirteach go hiomlán agus go cothrom i ngach gné de shaol na hollscoile. Cuireann an ollscoil fáilte roimh mhic léinn atá faoi mhíchumas, foghlaimeoirí lánfhásta agus mic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta níos ísle. Rinne mic léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus bealaí iontrála neamhchaighdeánacha suas 14.5% d'iontrálaithe bunchéime i 2007/08.

Cé go bhfuil forbairtí ollmhóra á ndéanamh ag acadóirí UCD i réimsí taighde den scoth agus maoiniú á fháil dó seo, níl go leor maoiniúcháin ag an ollscoil go fóill maidir lena phríomhdheontas ó chistí poiblí. Chuaigh mé i mbun feachtais ar bhonn gníomhach, le mo chomh-uachtaráin ollscoile, chun aghaidh a thabhairt ar an deacracht seo. Thug mo ról mar Uachtarán Chumann Ollscoileanna Éireann le linn 2008 fíordheis dom iarracht an sprioc seo a bhaint amach agus bhí idir dhúshlán agus shásamh le baint as.

Taighde agus nuáil

Leanann UCD ar aghaidh ag tógáil ar a ainm mar rogha-sprioc do thaighdeoirí ceannasacha, ag soláthar timpeallachta inar féidir leo tabhairt faoin nuálaíocht agus barr a gcumais a bhaint amach. Bhí bliain an-rathúil ag UCD ó thaobh maoiniúcháin taighde de. Bronnadh conarthaí de níos mó ná €100 milliún den chéad uair, agus b'ionann an luach iomlán agus €114.7 milliún, méadú de 19%. Chuir taighdeoirí ag NovaUCD isteach 50 faisnéisiú aireagáin anuraidh, méadú de 35% ar fhigiúir 2006.

Plean Forbartha an Champais

Thug UCD faoi raon leathan tionscnamh atá dírithe ar mhol ríthábhachtach rannpháirtíochta pobail a dhéanamh de Belfield le háiseanna leathana do mhic léinn. Tacóidh máistirphlean an Tionscadail Gateway, a dhear Ingenhoven Architects, le forbairt eispéiris shármhaith do mhic léinn ar champas Belfield. Soláthróidh athfhorbairt Ionaid Eolaíochta UCD acmhainn bhunathraithe d'eolaíocht na hÉireann agus soláthróidh tógáil Scoil Díl Sutherland UCD timpeallacht foghlama

den scoth dár mic léinn Díl. Chuireamar feabhas chomh maith ar limistéir faoi chrainn chun imlíne chomhtháiteach a chruthú ar an gcampas a chuireann le caighdeán maireachtála i gcoitinne do gach duine atá ina chónaí agus ag obair ar an gcampas. Threisigh an polasaí agus an straitéis chuimsitheach fuinnimh a d'fhaomh Údarás Rialaithe na hOllscoile ár spriocanna inbhuanaithe don champas. Cuirtear go mór leis an timpeallacht do mhic léinn, do bhaill foirne agus do chuirteoirí araon mar a gcuirtear saothair ealaíona ar taispeáint ar bhonn leanúnach ar fud an champais.

Universitas 21

Rinne UCD CGB *Universitas 21* a óstáil le linn mhí Bealtaine 2009, ag cur fáilte roimh uachtaráin, leas-seansailéirí agus ardbhainisteoirí ó 22 de phríomhollscoileanna an domhain. Ar bhuaicphointí na seachtaine sin bhí Siompóisiam Universitas 21 Symposium, a thug aghaidh ar an ábhar *Strategic Partnerships with the Developing World: A New Direction for Universitas 21 in Research and Education*. Táim bródúil gur ghlac UCD ceannas i gcomhordú chomhiarrachtaí líonraí *Universitas 21* i léann na forbartha idirnáisiúnta agus go mbeidh sé ar thús cadhnaíochta roinnt iarratas ar mhaoiniú a lorg chun tacú leis an obair seo.

Céimeanna oinigh agus dámhachtainí

Le linn na bliana, thug UCD onóir do dhaoine éagsúla a chuir go mór le saol na hÉireann agus an saol idirnáisiúnta i réimsí an ghnó, na n-ealaíon, an leighis, na heolaíochta, na hiriseoireachta, na heacnamaíochta, na heolaíochta sóisialta, an cheardchumannachais agus na luibheolaíochta. Bronnadh Bonn Ulysses UCD ar an bhfile Éireannach Thomas Kinsella mar aitheantas ar a sheasamh mar phríomhfhile Éireannach.



Bronnadh Bonn Ulysses UCD ar an bhfile Éireannach, Thomas Kinsella, ar an 16 Meitheamh 2008

Le linn chuairt an Taoisigh ar champas UCD i mí Aibreáin 2008 chun freastal ar chomhdháil do cheiliúradh 10 mbliana shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta tá (ó chlé); an tOllamh John Coakley, Stiúrthóir, Institiúid UCD don Léann Briotanach-Éireannach; An Taoiseach an tUasal Bertie Ahern TD; Uachtarán UCD an Dr Hugh Brady; agus an Ró-Onórach Shaun Woodward, Rúnaí Stáit do Thuaisceart na hÉireann



Téann ilchineálacht na gcuairteoirí ar ár gcampas i gcion orm i gcónaí. Le bliain anuas bhí deis ag ár mic léinn agus ár bhfoireann bualadh le húdair mar Jung Chang agus JK Rowling, eolaithe ceannródaíocha mar an Dr James D. Watson, agus pearsana siamsaíochta mar an fuirseoir Will Ferrell agus an t-aisteoir Ralph Fiennes.

Lua ar leith

Ba chúis bróid dom é fáilte a chur roimh an Taoiseach san am, Bertie Ahern TD go UCD ar an 3 Aibreán 2008, an lá tar éis dó a fhógairt go mbeadh sé ag éirí as a phost ar an 6 Bealtaine. B'iomchuí gur thug sé cuairt ar an gcampas, i measc chlampar na meán, chun an phríomhóráid a thabhairt ag comhdháil na hInstitiúide don Léann na Breataine – na hÉireann UCD mar cheiliúradh deich mbliana ar Chomhaontú Aoine an Chéasta.

I m'agallaimh dar teideal *One to One* le RTÉ i mí Iúil 2008, luaigh mé arís fócas na hollscoile ar fhorbairt iomlánaíoch na mac léinn agus na mball foirne chomh maith le spriocanna níos leithne na hollscoile. Faighim spreagadh i gcónaí ón tsuim atá ag an bpobal i UCD agus ón aiseolas dearfach atá faighte agam.

Foireann

Tá baill foirne na hollscoile ag croílár fhíorú ár bPlean Straitéisigh. Trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar scileanna na foirne, de bhreis ar earcaíocht straitéiseach na mball foirne nua,

cuireann UCD timpeallacht shármhaith ar fáil dá phobal go léir ó thaobh teagaisc, foghlama, taighde agus forbairt phearsanta de.

Chun foras foghlama den scoth a sholáthar dár mic léinn, earcaíonn UCD baill foirne acadúla atá ina gceannasaithe aitheanta ina réimsí saineolais féin. Tá UCD tiomanta de maoiniú agus tacaíocht a thabhairt dá n-obair thaighde i dtimpeallacht oscailte.

Focal scoir

Bhain UCD tairbhe mhór le linn na tréimhse seo as comhairle réidh agus eispéireas an Údaráis Rialaithe agus a chathaoirligh, Kieran McGowan. Táim fíorbhuíoch as an treoir agus an tacaíocht a chuireann siad ar fáil domsa agus do m'Fhoireann Ardbhainistíochta agus muid ag obair i dtreo spriocanna straitéiseacha UCD a bhaint amach.

Tá dul chun cinn ollmhór déanta again le bliain anuas. Creidim gur féidir linn leanúint ar aghaidh leis an móiminteam seo agus é beartaithe againn níos mó a bhaint amach sa chéad Phlean Straitéiseach eile.

Hugh R. Brady

Hugh Brady

Uachtarán